# TEXTO

**El escritor más famoso del dialecto de Munster es Canon Peter O'Leary (1839-1920). Es una buena idea comenzar a leer sus obras para todos aquellos que comienzan a estudiar este dialecto. Este es el comienzo de la historia de Séadna, considerada por lo general su mejor obra.**

Bhí fear ann fadó agus is é ainm a bhí air ná Séadna. Gréasaí ab ea é. Bhí teach beag deas cluthar aige ag bun cnoic, ar thaobh na fothna. Bhí cathaoir shúgáin aige do dhein sé féin dó féin, agus ba ghnáth leis suí inti um thráthóna, nuair a bhíodh obair an lae críochnaithe, agus nuair a shuíodh sé inti bhíodh sé ar a shástacht. Bhí mealbhóg mine aige ar crochadh i n-aice na tine, agus anois agus arís chuireadh sé a lámh inti agus thógadh sé lán a dhoirn den mhin, agus bhíodh sé dá chogaint ar a shuaimhneas. Bhí crann úll ag fás ar an dtaobh amuigh de dhoras aige, agus nuair a bhíodh tart air ó bheith ag cogaint na mine, chuireadh sé lámh sa chrann san agus thógadh sé desna húllaibh, agus d'itheadh sé é.

Lá dá raibh sé ag déanamh bróg, thug sé fé ndeara ná raibh athuilleadh leathair aige, ná a thuilleadh snátha, ná a thuilleadh céarach. Bhí an taoibhín déanach thuas agus an greim déanach curtha, agus níorbh fholáir dó dul agus abhar do sholáthar sara bhféadfadh sé a thuilleadh bróg a dhéanamh. Do ghluais sé ar maidin, agus bhí trí scillinge ina phóca, agus ní raibh sé ach míle ón dteach nuair a bhuail duine bocht uime, a d'iarraidh déarca.

"Tabhair dhom déirc ar son an tSlánaitheora agus le hanmain do mharbh, agus thar cheann do shláinte," arsan duine bocht.

Thug Séadna scilling dó, agus ansan ní raibh aige ach dhá scilling. Dúairt sé leis féin go mb'fhéidir go ndéanfadh an dá scilling a ghnó. Ní raibh sé ach míle eile ó bhaile nuair a bhuail bean bhocht uime agus í cos-nochtaithe.

"Tabhair dhom cúnamh éigin," ar sise, "ar son an tSlánaitheora, agus le hanmain do mharbh, agus thar cheann do shláinte."

Do ghlac trua dhi é, agus thug sé scilling di, agus d'imigh sí. Do bhí aon scilling amháin ansan aige, ach do chomáin sé leis, ag brath air go mbuailfeadh seans éigen uime a chuirfeadh ar a chumas a ghnó a dhéanamh. Níorbh fhada gur casadh air leanbh agus é ag gol le fuacht agus le hocras.

"Ar son an tSlánaitheora," arsan leanbh, "tabhair dhom rud éigin le n-ithe."

Bhí teach ósta i ngar dóibh, agus do chuaigh Séadna isteach ann, agus cheannaigh sé bríc aráin agus thug sé chun an linbh é. Nuair a fuair an leanbh an t-arán d'athraigh a dhealbh. D'fhás sé suas i n-aoirde, agus do las solas iontach 'na shúilibh agus 'na

cheannaithibh, i dtreo go dtáinig scanradh ar Shéadna. Chómh luath agus d'fhéad sé labhairt, dúirt sé.

"Cad é an saghas duine thusa?" Agus is é freagra a fuair sé:

"A Shéadna, tá Dia buíoch díot. Aingeal is ea mise. Is mé an tríú haingeal gur thugais déirc dó inniu ar son an tSlánaitheora. Agus anois tá trí ghuí agat le fáil ó Dhia na glóire. Iarr ar Dhia aon trí ghuí is toil leat, agus gheobhair iad. Ach tá aon chomhairle amháin agam-sa le tabhairt duit--ná dearmhad an trócaire."

"Agus an ndeirir liom go bhaighead mo ghuí?" arsa Séadna.

"Deirim, gan amhras," arsan t-aingeal.

"Tá go maith," arsa Séadna. "Tá cathaoir bheag deas shúgáin agam sa bhaile, agus an uile dhailtín a thagann isteach, ní foláir leis suí inti. An chéad duine eile a shuífidh inti, ach mé féin, go gceangla sé inti!"

"Faire, faire, a Shéadna!" arsan t-aingeal; "sin guí bhreá imithe gan tairbhe. Tá dhá cheann eile agat, agus ná dearmhad an trócaire."

"Tá," arsa Séadna, "mealbhóigín mine agam sa bhaile, agus an uile dhailtín a thagann isteach, ní foláir leis a dhorn a shá inti. An chéad duine eile a chuirfidh lámh sa mhealbhóig sin, ach mé féin, go gceangla sé inti, féach!"

"O, a Shéadna, a Shéadna, níl fasc agat!" arsan t-aingeal. "Níl agat anois ach aon ghuí amháin eile. Iarr trócaire Dé dot' anam."

"O, is fíor dhuit," arsa Séadna, "ba dhóbair dom é dearmhad. Tá crann beag úll agam i leataoibh mo dhorais, agus an uile dhailtín a thagann an treo, ní foláir leis a lámh do chur i n-airde agus úll do stathadh agus do bhreith leis. An chéad duine eile, ach mé féin, a chuirfidh lámh sa chrann san, go gceangla sé ann!--O! a dhaoine," ar seisean, ag sceartadh ar gháirí, "nach agam a bheidh an spórt orthu!"

Nuair a tháinig sé as na trithíbh, d'fhéach sé suas agus bhí an t-aingeal imithe. Dhein sé a mhachnamh air féin ar feadh tamaill mhaith. Fé dheireadh thiar thall, dubhairt sé leis féin: "Féach anois, níl aon amadán i n-Éirinn is mó ná mé! Dá mbeadh triúr ceangailte agam um an dtaca so, duine sa chathaoir, duine sa mhealbhóig, agus duine sa chrann, cad é an mhaith a dhéanfadh san domh-sa agus mé i bhfad ó bhaile, gan bhia, gan deoch, gan airgead?"

Ní túisce a bhí an méid sin cainte ráite aige ná thug sé fé ndeara os a chomhair amach, san áit ina raibh an t-aingeal, fear fada caol dubh, agus é ag glinniúint air, agus tine chreasa ag teacht as a dhá shúil ina spréachaibh nimhe. Bhí dhá adhairc air mar a bheadh ar phocán gabhair, agus meigeall fada liath-ghorm garbh air; eireaball mar a

bheadh ar mhada rua, agus crúb ar chois leis mar chrúb thairbh. Do leath a bhéal agus a dhá shúil ar Shéadna, agus do stad a chaint. I gcionn tamaill do labhair an Fear Dubh.

"A Shéadna," ar seisean, "ní gá dhuit aon eagla do bheith ort romhamsa. Nílim ar tí do dhíobhála. Ba mhian liom tairbhe éigin a dhéanamh duit, dá nglacthá mo chomhairle. Do chloiseas thú, anois beag, dá rá go rabhais gan bhia, gan deoch, gan airgead. Thabharfainn-se airgead do dhóthain duit ar aon choinníoll bheag amháin."

"Agus greadadh trí lár do scart!" arsa Séadna, agus tháinig a chaint dó; "ná féadfá an méid sin do rá gan duine do mhilleadh led' chuid glinniúna, pé hé thú féin?"

"Is cuma dhuit cé hé mé, ach bhéarfad an oiread airgid duit anois agus cheannóidh an oiread leathair agus choimheádfaidh ag obair thú go ceann trí mblian ndéag, ar an gcoinníoll so--go dtiocfair liom an uair sin."

"Agus má réitighim leat, cá rachaimíd an uair sin?"

"Cá beag duit an cheist sin do chur nuair a bheidh an leathar ídithe agus bheimíd ag gluaiseacht?"

"Bíodh ina mhargadh!" arsa Séadna.

"Gan teip?" arsan Fear Dubh.

"Gan teip," arsa Séadna.

"Dar bhrí na mionn?" arsan Fear Dubh.

"Dar bhrí na mionn," arsa Séadna.